

Leasú 438/rev1

Massimiliano Salini, Isabella Adinolfi, Matteo Adinolfi, Pablo Arias Echeverría, Pascal Arimont, Traian Băsescu, Isabel Benjumea Benjumea, Anna Bonfrisco, Marco Campomenosi, Maria da Graça Carvalho, Massimo Casanova, Susanna Ceccardi, Lara Comi, Rosanna Conte, Gianantonio Da Re, Arnaud Danjean, Nicola Danti, Paolo De Castro, Salvatore De Meo, Francesca Donato, Rosa Estaràs Ferragut, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Gianna Gancia, Matteo Gazzini, Paola Ghidoni, Valentino Grant, Radan Kanev, Danilo Oscar Lancini, Elena Lizzi, Antonio López-Istúriz White, Marian-Jean Marinescu, Gabriel Mato, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Alessandra Mussolini, Alessandro Panza, Francesca Peppucci, Pilar del Castillo Vera, Nicola Procaccini, Maria Veronica Rossi, Anne Sander, Silvia Sardone, Christine Schneider, Annalisa Tardino, Patrizia Toia, Eugen Tomac, Edina Tóth, Isabella Tovaglieri, Sabine Verheyen, Lucia Vuolo, Stefania Zambelli, Javier Zarzalejos, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Vasile Blaga, Ioan-Rareș Bogdan, Daniel Buda, Cristian-Silviu Bușoi, Mircea-Gheorghe Hava, Dan-Ștefan Motreanu, Siegfried Mureșan, Gheorghe-Vlad Nistor, Loránt Vincze, Iuliu Winkler, Norbert Lins, Fulvio Martusciello, Tomáš Zdechovský, Pietro Fiocchi, Elisabetta De Blasis, Vincenzo Sofo, Carlo Fidanza, Sergio Berlato, Raffaele Stancanelli, Ladislav Ilčić, Denis Nesci, Chiara Gemma, Giuseppe Milazzo, Andrey Slabakov, Angel Dzhambazki, Waldemar Tomaszewski, Margarita de la Pisa Carrión, Ryszard Antoni Legutko, Stelios Kypouropoulos, Mercedes Bresso, Christian Doleschal, Jean-Paul Garraud, Monika Hohlmeier, Eric Minardi, Aurélia Beigneux, Marie Dauchy

Tuarascáil**A9-0319/2023****Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD)

Togra le haghaidh rialacháin**Aithris 40***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún**Leasú*

(40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus ag an am céanna a cumas chun na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích a choinneáil ar bun. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun giniúint pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na

(40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus ag an am céanna a cumas chun na feidhmeanna pacáistíochta **agus cuspóir an táirge** a chur i gcrích a choinneáil ar bun. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun giniúint pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh

critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéir feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000⁵⁷ atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar, ina n-aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor dó sin dochar a dhéanamh do shonraíochtaí táirge le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus le haghaidh táirgí bia agus talmhaíochta atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim um chosaint tásc geografach an Aontais, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint. Ar an taobh eile, féadfaidh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sé an ceanglas maidir le híoslachdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú.

⁵⁷ Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéir feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000⁵⁷ atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar, ina n-aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor cheart go mbainfeadh sé de shonraíochtaí táirge i gcás táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus bia agus talmhaíochta atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim an Aontais um chosaint tásc geografach, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint, ***nó de dhearadh pacáistíochta atá faoi réir cosaint dhlíthiúil faoi chearta maoinne intleachtúla a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle***. Ar an taobh eile, féadfaidh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sé an ceanglas maidir le híoslachdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta ***nó cuspóir an táirge*** a áirithiú.

⁵⁷ Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

Or. en

